

An nuacht

- Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus scaip **An nuacht** ar gach duine sa rang.
- *Obair ghrúpa – plé:* Léigh na ceisteanna leis an rang agus iarr ar gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Bí ag siúl thart le cuidiú le haon deacracht atá acu le linn na gníomhaíochta. Pléigh na ceisteanna leis na foghlaimoirí ar fad agus ceartaigh aon bhotún teanga a chloiseann tú.
- *Obair bheirte – scéal nuachta:* Tabhair deis do gach beirt na scéalta nuachta is tábhachtaí le bliain anuas a phlé le chéile. Tá seans ann nach mbeidh na scéalta céanna acu, ach abair leo go gcaithfidh siad teacht ar chomhréiteach agus scéal amháin a roghnú. Iarr orthu taighde a dhéanamh ar an scéal agus liosta focal a scríobh amach a chuideoidh leo an scéal a insint don chuid eile den rang. Leigh tríd an sampla atá ar an bhileog le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- Nuair atá an scéal réidh acu, iarr ar gach beirt teacht go dtí barr an ranga chun an scéal nuachta a insint don rang. Ba cheart go n-inseodh duine amháin an scéal agus go scríobhfadh an duine eile an stór focal tábhachtach ar an chlár.
- Bíodh plé ginearálta agat faoi na scéalta go léir ag deireadh na gníomhaíochta.

Eimear Ní Chonaola A agus B

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip na bileoga **Eimear Ní Chonaola A** agus **Eimear Ní Chonaola B** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – réamhbair:* Iarr ar gach beirt an t-alt a léamh le chéile agus an leagan Gaeilge de na focail a aimsiú san alt le linn dóibh a bheith ag léamh.

Freagraí

- to discard something:	(rud) a chaitheamh i dtraipisí
- applied communications:	cumarsáid fheidhmeach
- broadcasting supervisor:	maor craolacháin
- camera work:	ceamaradóireacht
- bulletin:	feasachán
- articulation:	urlabhraíocht

- *Obair bheirte – plé:* Iarr ar gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile ar feadh tamall beag. Bí ag siúl timpeall an ranga le linn na gníomhaíochta, ag cabhrú leis na foghlaimoirí más gá. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Déan iarracht plé a chothú faoi na scéalta nuachta is iontaí nó is uafásaí le bliain anuas.
- *Obair bheirte – bréagnuacht:* Iarr ar na beirteanna céanna tabhairt faoin tasc anois. Léigh tríd na treoracha leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad cad atá le déanamh. Tabhair tamall sách fada dóibh an tasc a dhéanamh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Cuir béim ar an nóisean go gcaithfidh siad ceannlíne bhréagach a chumadh atá inchreidte – is é aidhm an tasc ná dallamullóg a chur ar an rang, sa dóigh is nach mbeidh na foghlaimoirí eile róchinnte faoin cheannlíne nach bhfuil fíor. Ag deireadh na gníomhaíochta, iarr ar an rang vóta a chaitheamh ar an cheannlíne bhréagach is cealgaí.
- Má thugann tú faoi deara go bhfuil deacrachtaí ag na foghlaimoirí smaoineamh ar scéal bréagnuachta, tabhair cúpla sampla dóibh. B'fhéidir go mbeidh ort a samhlaíocht a ghríosú!

Eimear Ní Chonaola C

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Eimear Ní Chonaola C** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – teanga:* Abair le gach beirt tabhairt faoi na ceisteanna atá bunaithe ar shliocht ón alt atá díreach léite acu. Cuir ina luí ar an rang gan a bheith ag féachaint siar ar an alt.

Freagraí:

1. 'Bhí an tsochraid agus **an t-adhlacadh** (is focal firinsneach é agus mar sin tá **t** ar ghuta) thart agus bhí na meáin ar fad ar bís lena fháil amach cé a thiocfadh i gcomharba air. Bhí súile **an**

domhain (tá an t-ainmfhocal **domhan** sa tuiseal ginideach agus mar sin caolaítear an t-ainmfhocal) dírithe ar shimpléar, agus muid ag fanacht le deatach bán a fheiceáil, rud a d'inseodh dhúinn go raibh Pápa nua ceapaithe. Ceann de na hoícheantaí agus muid ar an aer, bhí mé ag labhairt lenár dtuairisceoir Rónán Mac an Iomaire a bhí sa Vatacáin. Bhí muid díreach théis tosaí ag caint, nuair a cloiseadh clampar **mór** (níl aon séimhiú ar an aidiacht **mór** mar tá an t-ainmfhocal **clampar** firinsneach) agus rúille búille. Bhí deatach de **chineál** (séimhítear ainmfhocal a thosaíonn le consan tar éis an réamhfhocal simplí **de**) éigint le feiceáil taobh thiar de ghualainn Rónáin. . . agus bhí air imeacht agus fáil amach cén dath a bhí ar an **deatach** (cé go gcuirtear urú ar an ainmfhocal sa tuiseal tabharthach bíonn na *dentals* i gceist mar atá sa chás seo). D'fhág muid an Róimh ar feadh dhá nóiméad, agus ansin chuaigh muid ar ais arís `leis an scéal is déanaí a fháil ó Rónán. Bhí an rud ar fad chomh beo! Lá dár saol!'

2. dhúinn – dúinn, ceapaithe – ceaptha, na hoícheantaí – na hoícheanta, théis – tar éis, tosaí – tosú, éigint – éigin.
3. An briathar saor (aimsir chaite)
- 4.

	Aim. Láith	Aim. Chaite	Aim. Fháist.	An Modh Coinn.
clois	cloistear	chualathas	cloisfear	chloisfí
abair	deirtear	dúradh	déarfear	déarfaí
tuairiscigh	tuairiscítear	tuairiscíodh	tuairisceofar	thuairisceofaí
faigh	faightear	fuarthas	gheofar	gheofaí
feic	feictear	chonacthas	feicfear	d'fheicfí
scaoil	scaoiltear	scaoileadh	scaoilfear	scaoilfí
gabh	gabhtar	gabhadh	gabhfear	ghabhfaí
gearr	gearrtar	gearradh	gearrfear	ghearrfaí
ionsaigh	ionsaítear	ionsaíodh	ionsófar	d'ionsófaí
léirigh	léirítear	léiríodh	léireofar	léireofaí

Díbeartha

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Díbeartha** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – filíocht*: Abair le gach beirt an dá dhán a léamh le chéile agus na ceisteanna atá bunaithe orthu a fhreagairt.

Freagraí

1. Scríobh Máirtín Ó Direáin *Faoiseamh a Gheobhadsa* sna 1940í agus scríobh Nikita Gill *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee* sa bhliain 2015.
2. Rugadh Máirtín Ó Direáin i bhFearann a' Choirce ar Inis Mór in 1910. Rugadh Nikita Gill i mBéal Feirste agus tógadh san India í.
3. Pléann an file an chodarsnacht idir saol na cathrach agus saol na tuaithe. Tá fonn air dul ar ais go dtí an áit ar tógadh é. Tá sé ag cuardach shuaimhneas na tuaithe, i bhfad ó chruatan na cathrach. Chaith Máirtín Ó Direáin an chuid is mó dá shaol fásta i gCathair Bhaile Átha Cliath agus i gCathair na Gaillimhe. Is léir ón dán go mothaíonn sé uaidh a áit dhúchais agus a mhuintir féin. Deir sé go mbeidh sé sásta chomh luath is atá sé ar ais ar a oileán beag. Is iad na mothúcháin is mó a

mhothaítear sa dán ná: uaigneas, éadóchas, cumha, gruaim.

4. Tá a lán de na téarmaí céanna sa dán *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee*. Tá an file ag scríobh faoi anró an teifigh. Ní luaitear aon áit go díreach sa dán ach spreagtar íomhá d'inimircigh ag teitheadh ar bhád míshábháilte ón tSiria nó ón Libia b'fhéidir (Is as an Eiritré, an Aetóip, an tSomáil agus an tSúdáin an chuid is mó d'inimircigh sa Libia). Is iad na mothúcháin is mó a mhothaítear sa dán ná: uaigneas, éadóchas, cumha, fearg, eagla, scaoll.
5. Na cosúlachtaí:
 - Téann an dá dhán i ngleic leis an uaigneas a mhothaítear i bhfad ón bhaile.
 - Cuirtear suaimhneas agus suairc in iúl agus na reacairí ag féachaint siar ar an saol a bhí acu ina n-áit dhúchais.
 - Tugtar ómós don áit dhúchais sa dá dhán.
 - Ní léir go bhfuil Máirtín Ó Direáin ná reacaire an dáin *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee* sásta san áit a bhfuil siad anois.

Na difríochtaí:

- Tá rithim níos ceolmhaire sa dán *Faoiseamh a Gheobhadsa*.
 - Tá íomhánna níos foréigní sa dán *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee*.
 - Ní luaitear sa dán gur díbríodh Máirtín Ó Direáin óna áit dhúchais, murab ionann is an reacaire sa dán *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee*.
 - Dídeanaí nó teifeach atá i gceist i ndán Nikita Gill ach i *Faoiseamh a Gheobhadsa* cuirtear in iúl go gcrónaíonn an file a áit dhúchais. Ní fios an raibh air imeacht ón áit.
 - I *Faoiseamh a Gheobhadsa* áit chiúin shéimh is ea an áit ar mhaith leis an fhile filleadh ar ais. Ach, i *Home Was Your Refuge / Now They Call You Refugee* déantar tagairt d'áit atá scriosta ag cogadh.
- *Obair bheirte*: Iarr ar gach beirt an dán a aistriú go Gaeilge. Cuir ina luí ar na foghlaimeoirí nach bhfuil ann ach cleachtadh teanga agus nár cheart dóibh a bheith róbhuartha faoi chaighdeán an aistriúcháin.
 - Aistrigh an dán tú féin ansin leis an rang iomlán, ag mealladh tuairimí ó na foghlaimeoirí iad féin. Tá aistriúchán simplí thíos. Níl ann ach treoir. Is dócha go mbeidh an t-aistriúchán a dhéanfaidh tú féin leis an rang níos fearr!

Home is a language you grew in your mouth that no longer exists anywhere but inside your heart and head.	<i>Do bhaile faoi mar a bheadh teanga a d'fhás i do bhéal nach ann di in aon áit a thuilleadh Ach i do chroí agus d'aighe</i>
Home is where you had to teach your children how to run from men who are dressed in war and blood.	<i>Do bhaile ina raibh ort do leanaí a mhúineadh conas teitheadh ó fhir ar maos i gcogadh agus fuil</i>
Home is now a legend a story of where you grew up, happy and safe before they set your entire world aflame.	<i>Do bhaile faoi mar a bheadh seanchas scéal faoin áit ar tógadh tú, sona agus slán tráth sular chuir siad do shaol trí thine</i>
Home is where you ran to the sea because the place you once belonged to, now no longer remembers your name.	<i>An baile síos chun na farraige a rith mar an áit ar dual duit tráth, ní chuimhníonn sí anois d'ainm.</i>
Home was your refuge. Now, after cruelly taking it from you they call you a refugee	<i>Do bhaile faoi mar a bheadh dídean Anois, i ndiaidh le lámh láidir é a bhaint díot tugann siad dídeanaí ort</i>

- *Obair ghrúpa*: Is é cuspóir na gníomhaíochta seo ná plé a dhéanamh ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí reatha. Síolraíonn cás na dteifeach as go leor fadhbanna atá againn ar fud an domhain. Seo thíos cúpla topaic agus cuid den stór focal a théann leo.

An ghéarchéim aeráide

- dé-ocsaíd charbóin
- aeráid vs aimsir
- téamh domhanda
- breoslaí iontaise
- stoirmeacha
- ardú leibhéal na mara
- loscadh sléibhe
- crith talún
- tuile/tuilte
- díle/dílí
- maidhm shneachta
- maidhm shléibhe
- triomach
- gorta
- tonn teasa
- súnámaí

Éagothroime eacnamaíochta

- aicmí sóisialta
- an bhearna idir daoine saibhre agus daoine bochta
- éilít
- imghabháil cánach
- seachaint cánach
- ídiú chearta na n-oibríthe
- ciorruithe ar an leas sóisialta

Cogadh agus leatrom

- deachtóireacht
- sárú cearta daonna
- foréigean, slad agus sléacht
- cogadh cathartha
- éirí amach
- bochtanas
- easpa bia
- idirdhealú ar bhonn creidimh

- **Obair bhreise**: Thiocfadh leat an t-amhrán *Faoiseamh a Gheobhadsa* le Zoë Conway and John Mc Intyre a thaispeáint don rang ar <https://www.youtube.com/watch?v=LwGL1p3cB4g>.

An aimsir

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **An aimsir** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – stór focal*: Iarr ar gach beirt an píosa a léamh le chéile agus an foclóir a bhaineann leis an fhearthainn a phlé le chéile. Téigh siar ar aon ní nár thuig siad agus cuir ceist orthu an féidir leo cur leis an liosta.
- *Tasc 1*: Aimsigh réamhaisnéis na haimsire éigin ar an idirlíon. Faigh ceann a bhfuil go leor fearthainne tuartha, más féidir. Gheobhaidh tú mír ar www.tg4.ie, ar www.rte.ie/rnag nó ar www.met.ie. Cuir an mhír ar siúl cúpla uair, ag brath ar thuiscint na bhfoghlaimoírí. Iarr orthu líne a chur faoi aon fhocal a chloiseann siad ó bhlag Thaidhg Mhic Dhonnagáin. Cuir ceisteanna cluastuisceana orthu ar nós:

Cén cineál aimsire a bheidh ann amárach?

Cén teocht a bheidh ann?

- *Tasc 2*: Iarr ar gach beirt a machnamh a dhéanamh ar an fhoclóir a bhaineann leis na topaicí:

Na cineálacha gaoithe

an ghaoth aduaidh

an ghaoth aneas

an ghaoth anoir

an ghaoth aniar
 ag ghaoth aniar aduaidh
 an ghaoth aniar aneas
 an ghaoth anoir aduaidh
 an ghaoth anoir aneas

Aimsir mhaith

seal gréine
 teocht ard
 ag sú na gréine
 an ghrian ag scoilteadh na gcloch
 lá breá
 tirim

Stoirmeacha

gála gaoithe
 gaoth mhór
 an fharraige chorraithe
 gaoth fórsa hairicín
 aimsir gharbh

Aimsir fhuar

sneachta
 sioc/oighear (dubh)
 faoin reophointe
 stoirm shneachta

Ag déanamh cur síos ar an aimsir (Rogha A nó B)

Rogha A

- **Obair bhreise:** Bíodh na cártaí (duine A / duine B / duine C) thíos (**Ag déanamh cur síos ar an aimsir: Rogha A**) gearrtha amach agat roimh an rang. Má tá seisear sa rang agat mar shampla, bíodh dhá chóip déanta agat den bhileog agus dhá ghrúpa de thriúr sa rang. Tabhair cárta amháin do gach duine sa ghrúpa.
- Abair leo cúpla nóiméad a chaitheamh ag féachaint ar an aimsir atá ar an chárta. Abair leo a rá leis na daoine eile sa ghrúpa conas mar atá an aimsir ar a gcártaí.
- Bí ag éisteacht leo agus pléigh aon deacracht a bhí acu le linn na gníomhaíochta nuair atá siad críochnaithe.
- Iarr ar dhuine nó beirt cur síos a dhéanamh ar an aimsir os comhair an ranga.

Rogha B


- **Obair bhreise:** Bíodh na cártaí (duine A / duine B / duine C / duine D) thíos (**Ag déanamh cur síos ar an aimsir: Rogha B**) gearrtha amach agat roimh an rang. Má tá ochtar sa rang agat mar shampla, bíodh dhá chóip déanta agat den bhileog agus dhá ghrúpa de cheathrar sa rang. Tabhair cárta amháin do gach duine sa ghrúpa.
- Abair leo cúpla nóiméad a chaitheamh ag féachaint ar an aimsir atá ar an chárta. Abair leo a rá leis na daoine eile sa ghrúpa conas mar atá an aimsir ar a gcártaí.
- Bí ag éisteacht leo agus pléigh aon deacracht a bhí acu le linn na gníomhaíochta nuair atá siad críochnaithe.
- Iarr ar dhuine nó beirt cur síos a dhéanamh ar an aimsir os comhair an ranga.
- Tuairimí eile chun na cártaí a úsáid – Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag tabhairt cuairte ar an áit atá ar an chárta atá acu, ag an deireadh seachtaine seo chugainn. Caithfidh siad áit a roghnú a cheapann siad a mbeadh an aimsir mar sin ann. Caithfidh siad freisin, cur síos a dhéanamh ar na pleananna atá acu don deireadh seachtaine. Mar shampla: *Beidh mé ag dul go dtí Moscó ag an deireadh seachtaine. Beidh an aimsir an-fhuar agus mar sin ní bheidh mé ag caitheamh mórán ama amuigh faoin aer. Ba mhaith liom cuairt a thabhairt ar...*

An déanamh cur síos ar an aimsir: Rogha A


Duine A







Duine B



Duine C



An déanamh cur síos ar an aimsir: Rogha B



Fadhbanna sóisialta

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Fadhbanna sóisialta** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – amhrán:* Iarr ar gach beirt an t-amhrán a léamh le chéile agus tabhair deis dóibh buille faoi thuairim a thabhairt faoin amhrán atá ann. *Ghost Town* le *The Specials* atá ann. Seo iad liricí Béarla an amhráin:

Ghost Town

The Specials

This town (town) is coming like a ghost town
 All the clubs have been closed down
 This place (town) is coming like a ghost town
 Bands won't play no more
 Too much fighting on the dance floor
 Do you remember the good old days before the ghost town?
 We danced and sang, and the music played in a de boomtown
 This town (town) is coming like a ghost town
 Why must the youth fight against themselves?
 Government leaving the youth on the shelf
 This place (town) is coming like a ghost town
 No job to be found in this country
 Can't go on no more
 The people getting angry
 This town is coming like a ghost town
 This town is coming like a ghost town
 This town is coming like a ghost town

- Is féidir an t-amhrán a aimsiú ar an idirlíon agus é a sheinm chun sos beag éadrom a thabhairt do na foghlaimeoirí.
- Thiocfadh leat freisin, leagan cáirióice den amhrán a fháil ar líne agus an leagan sin a sheinm don rang. Abair leo gur féidir leo an leagan Gaeilge a chanadh, má tá fonn orthu.
- *Obair ghrúpa:* Roinn an rang i gceithre ghrúpa agus tabhair topaic amháin do gach grúpa. Iarr orthu scéal a aimsiú ar an idirlíon faoin topaic atá acu. Má tá cur amach acu ar scéal a bhaineann leis an topaic, is leor sin. Caithfidh siad script ghearr nuachta a scríobh bunaithe ar an scéal. Ansin, léifidh urlabhraí ón ghrúpa an script amach mar a dhéanfaidh léitheoir nuachta ar an teilifís.
- Bíodh plé agat leis an rang ar fad faoi na scéalta a léadh amach.

Míreanna nuachta

- *Obair ghrúpa:* Cuir gach triúr nó ceathrar ina suí le chéile. Bíodh ar a laghad grúpa amháin agat a dhéanfaidh mír nuachta faoi pholaitíocht na hÉireann agus ar a laghad grúpa amháin eile a dhéanfaidh mír nuachta faoin pholaitíocht idirnáisiúnta. Míneigh dóibh go mbeidh orthu 1) mír a aimsiú le chéile 2) féachaint ar an mhír le chéile 3) duine ón ghrúpa a roghnú le hábhar na míre a chur i láthair an ranga ar dtús 4) duine eile a roghnú leis an mhír a sheinm agus ceisteanna cluastuisceana a chur ar an rang agus 5) duine eile a roghnú chun pointe gramadaí ón Vifax sin a mhúineadh don rang.
- Tá an seans ann go mbeidh barraíocht calláin sa rang má tá gach duine ag féachaint ar mhíreanna nuachta éagsúla ag an am céanna. Seo cúpla réiteach ar an scéal:
 - Abair leis na foghlaimeoirí cluasáin a thabhairt isteach don chuid seo den rang.
 - Cuir an mhír chéanna ar siúl don rang ar fad. Roghnaigh cúigear ón rang leis na tascanna thuas a dhéanamh.
- Seo roinnt moltaí eile chun ábhar Vifax a láimhseáil sa rang:
 - ✓ Abair leis na foghlaimeoirí mír a roghnú iad féin le féachaint uirthi mar obair bhaile. Beidh orthu ansin cur síos a dhéanamh don rang ar ábhar na míre.
 - ✓ Roghnaigh mír ó Vifax tú féin agus déan na ceachtanna atá bunaithe uirthi leis an rang.
 - ✓ Roghnaigh mír ó Vifax tú féin agus cuir béim faoi leith ar chúrsaí canúna.